Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/0222(COD)

11.2.2026

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028–2034, agus lena n aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888
(COM(2025)0549 – C10-0170/2025 – 2025/0222(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Nela Riehl

PA_Legam

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta in iúl don Choiste um Chultúr agus um Oideachas, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Ní mór don Aontas tacú lena phobail agus iad a ullmhú, ó aois óg, leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun go n-éireoidh leis an bhfoghlaim, leis an obair agus leis an saol. Chun é sin a chumasú, ní mór don Aontas córais oideachais agus oiliúna a fheidhmiú, atá solúbtha, nuálach agus cuimsitheach, atá in ann tallann a chothú, a mhealladh agus a choinneáil, coinneáil suas le luas agus raon feidhme na gclaochluithe leanúnacha sochaíocha, digiteacha, comhshaoil agus eacnamaíocha, freagairt do na dúshláin dhéimeagrafacha agus do riachtanais scileanna na sochaí agus an gheilleagair, bearnaí scileanna a líonadh agus riachtanais tionscail in earnálacha criticiúla a shásamh.	(1) Ní mór don Aontas tacú lena phobail agus iad a ullmhú, ó aois óg, leis an eolas, na scileanna ***agus na dearcthaí arb ionann iad le chéile*** agus na hinniúlachtaí is gá chun go n-éireoidh leis an bhfoghlaim, leis an obair agus leis an saol. Chun é sin a chumasú, ní mór don Aontas córais oideachais agus oiliúna a fheidhmiú, atá solúbtha, nuálach agus cuimsitheach, atá in ann tallann a chothú, a mhealladh agus a choinneáil, coinneáil suas le luas agus raon feidhme na gclaochluithe leanúnacha sochaíocha, digiteacha, comhshaoil agus eacnamaíocha, freagairt do na dúshláin dhéimeagrafacha agus do riachtanais scileanna na sochaí agus an gheilleagair, bearnaí scileanna a líonadh agus riachtanais tionscail in earnálacha criticiúla a shásamh. ***Cuirtear i bhfios go láidir sa tuarascáil ar thodhchaí iomaíochas na hEorpa, chun rannpháirtíocht a leathnú go suntasach agus chun dul i bhfeidhm ar gach duine óg ar fud an Aontais, gur ghá maoiniú chlár Erasmus+ a mhéadú thart ar chúig huaire i gcomparáid leis na leibhéil atá ann faoi láthair.***
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an deis ag gach duine, beag beann ar a gcúlra pearsanta, sóisialta, eacnamaíoch nó cultúrtha, páirt a ghlacadh in eispéireas soghluaisteachta thar lear ó aois óg, nuair a chruthaítear luachanna agus dearcthaí agus nuair is mó a bhíonn daoine aonair sásta eispéiris agus tionchair nua a fháil. Is féidir le nochtadh luath do thimpeallachtaí, do chultúir, do theangacha agus do bhealaí beatha éagsúla cuidiú le steiréitíopaí a bhriseadh síos, tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, agus luachanna an mheasa, na caoinfhulaingthe agus na dlúthpháirtíochta a chothú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hEoraip níos aontaithe agus níos comhchuí.	(4) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an deis ag gach duine, beag beann ar a gcúlra pearsanta, sóisialta, eacnamaíoch nó cultúrtha, páirt a ghlacadh in eispéireas soghluaisteachta thar lear ó aois óg, nuair a chruthaítear luachanna agus dearcthaí agus nuair is mó a bhíonn daoine aonair sásta eispéiris agus tionchair nua a fháil. Is féidir le nochtadh luath do thimpeallachtaí, do chultúir, do theangacha agus do bhealaí beatha éagsúla cuidiú le steiréitíopaí a bhriseadh síos, tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, agus luachanna an mheasa, na caoinfhulaingthe agus na dlúthpháirtíochta a chothú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hEoraip níos aontaithe agus níos comhchuí. ***Chun rochtain ar chomhionannas deiseanna a chomhdhlúthú, ní mór soghluaisteacht foghlama a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí de gach aois ionas go bhforbrófar cultúr foghlama ar feadh an tsaoil. Le leithdháileadh acmhainní airgeadais agus le tabhairt isteach sásraí cistiúcháin, ba cheart for-rochtain éifeachtach ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu agus cuimsiú daoine ar lú na deiseanna atá acu a áirithiú, go háirithe iad siúd nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna), ar minic a dhéantar neamhaird orthu le bearta cuimsithe ginearálaithe.***

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) I gcomhréir le Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta[3], ba cheart ullmhacht, athléimneacht, rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus rannpháirtíocht	(6) I gcomhréir le Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta, ba cheart ullmhacht, athléimneacht, rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus rannpháirtíocht

shibhialta a chothú trí chur chuige ón mbun aníos, lena spreagfaí eagraíochtaí agus institiúidí chun ról lárnach a bheith acu maidir le litearthacht dhigiteach, litearthacht sna meáin agus litearthacht ***dhaonlathach*** agus smaointeoireacht chriticiúil ***agus eiticiúil a chothú***, rannpháirtíocht ***agus inniúlacht*** shibhialta a chur chun cinn, agus foghlaim faoin daonlathas agus faoin tsaoránacht a chothú. Ní mór do dhaoine agus do phobail ar fud an Aontais páirt ghníomhach a ghlacadh chun géarchéimeanna a chosc agus chun a bheith ullmhaithe a ndóthain chun freagairt dóibh.

[3] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta (Join/2025/130 final)).

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Léiríonn réimsí gníomhaíochta agus cuspóirí coiteanna idir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2021–2027 agus cláir Erasmus+ an fhéidearthacht maidir le sineirgíocht fheabhsaithe agus comhleanúnachas rialála. Trí gach deis soghluaisteachta foghlama, saorálaíochta, comhair agus saoránachta gníomhaí a thabhairt le chéile, soláthraítear pointe iontrála aonair do na deiseanna uile a chuireann an tAontas ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige, rud a fhágann gur féidir cur chuige níos comhordaithe agus níos éifeachtaí a bheith ann, agus rochtain níos	(7) Léiríonn réimsí gníomhaíochta agus cuspóirí coiteanna idir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2021–2027 agus cláir Erasmus+ an fhéidearthacht maidir le sineirgíocht fheabhsaithe agus comhleanúnachas rialála. Trí gach deis soghluaisteachta foghlama, saorálaíochta, comhair agus saoránachta gníomhaí a thabhairt le chéile, soláthraítear pointe iontrála aonair do na deiseanna uile a chuireann an tAontas ar fáil do dhaoine óga***, do bhaill foirne ábhartha,*** agus d'eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige, rud a fhágann gur féidir cur chuige níos comhordaithe agus níos éifeachtaí a

éasca do rannpháirtithe agus tairbhithe féideartha.	bheith ann, agus rochtain níos éasca do rannpháirtithe agus tairbhithe féideartha.
	Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Sa chomhthéacs seo, tá sé riachtanach Erasmus+ 2028–2034, Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint agus i réimsí na hóige agus an spóirt freisin (an ‘Clár’), a bhunú mar chlár a thiocfaidh i gcomharbas ar Chlár Erasmus+ 2021–2027[4] agus ar Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, lena gcuimsítear gníomhaíochtaí i réimse an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt agus lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil.	(8) Sa chomhthéacs seo, tá sé riachtanach Erasmus+ 2028–2034, Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint agus i réimsí na hóige agus an spóirt freisin (an ‘Clár’), a bhunú mar chlár a thiocfaidh i gcomharbas ar Chlár Erasmus+ 2021–2027[4] agus ar Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, lena gcuimsítear gníomhaíochtaí i réimse an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt agus lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil. ***Le comhtháthú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh sa Chlár, níor cheart go mbainfí an bonn de phrionsabail na dlúthpháirtíochta, na saorálaíochta agus na rannpháirtíochta sibhialta atá mar shaintréith de, agus ba cheart leanúnachas, inrochtaineacht agus cáilíocht a áirithiú, go háirithe do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu agus d’eagraíochtaí pobail a chuireann gníomhaíochtaí saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta chun feidhme. Is cuid lárnach den rannpháirtíocht shibhialta do dhaoine de gach aois iad gníomhaíochtaí saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta agus ba cheart iad a aithint agus tacú leo mar dheiseanna luachmhara foghlama agus rannpháirtíochta. Ba cheart do na gníomhaíochtaí sin leanúint de bheith éagsúil go soiléir ó fhostaíocht fhoirmiúil agus ó thréimhsí oiliúna foirmiúla, agus cuspóir uathúil agus breisluach na saorálaíochta á gcaomhnú ag an am céanna.***

[4] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt (IO L 189, 28.5.2021).

[5] Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (IO L 202, 8.6.2021).

[4] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt (IO L 189, 28.5.2021).

[5] Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (IO L 202, 8.6.2021).

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil níos solúbtha agus le cláir chaiteachais an Aontais. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí chlár Erasmus+, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh sa chistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa, agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú do chur chun feidhme an bhuiséid.	(9) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil níos solúbtha agus le cláir chaiteachais an Aontais. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí chlár Erasmus+, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh sa chistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa, agus intuarthacht leordhóthanach do chur chun feidhme an bhuiséid***, agus inoiriúnaitheacht don bhoilsciú agus do shuaitf seachtracha eile*** á háirithiú.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) Ba cheart don Chlár éifeacht phraiticiúil a thabhairt do thiomantas an Aontais don fhoghlaim ar feadh an tsaoil trína chur ar chumas gach duine aonair, gan beann ar aois, cúlra nó conair foghlama, rochtain a fháil ar dheiseanna foghlama i suíomhanna foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus ar an gcaoi sin tacú le forbairt phearsanta, saoránacht ghníomhach, infhostaitheacht agus cuimsiú sóisialta ar feadh an tsaoil.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart don Chlár tacú le cur chun feidhme Aontas na Scileanna[6] agus na gcreataí straitéiseacha foriomlána le haghaidh chomhar beartais an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear na cláir oibre beartais don oideachas scoile, don ardoideachas, don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint agus don fhoghlaim aosach, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú, chun go mbeidh saoránaigh in ann inniúlachtaí agus scileanna a fhorbairt ag gach céim dá saol chun go mbeidh rath orthu sa tsochaí.	(10) Ba cheart don Chlár ***díriú go láidir agus go sainráite ar shoghluaisteacht foghlama mar bhun-bhreisluach an Chláir***. ***Leis an gcistiú, ba cheart tacaíocht chobhsaí intuartha a áirithiú do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta, rud a chumasódh rannpháirtíocht leathan. Ba cheart don Chlár*** tacú ***freisin*** le cur chun feidhme Aontas na Scileanna[6] agus na gcreataí straitéiseacha foriomlána le haghaidh chomhar beartais an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear na cláir oibre beartais don oideachas scoile, don ardoideachas, don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint agus don fhoghlaim aosach***, agus foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil***, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú, chun go mbeidh saoránaigh in ann inniúlachtaí agus scileanna a fhorbairt ag gach céim dá saol chun go mbeidh rath orthu sa tsochaí. ***Ba cheart don Chlár cur chuige idirdhisciplíneach a choinneáil.***

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Aontas na Scileanna (COM/2025/90 final).

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Aontas na Scileanna (COM/2025/90 final).

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) I gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh[7] , leis an gClár Oibre Eorpach don Obair Óige[8] agus le Teachtaireacht 2024 maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022[9] , ba cheart don Chlár tacú le rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga agus eagraíochtaí óige i gcinnteoireacht agus i gceapadh beartas, i bpríomhshruthú na hóige ar fud na réimsí beartais, i mbailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, in obair óige ardcháilíochta agus i bhforbairt inniúlachta oibrithe óige. Leanfaidh an clár de thacaíocht a thabhairt do gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama agus sa tsoghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla, lena n-áirítear malartuithe ógra agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige, agus é mar chuspóir rannpháirtíocht daoine óga a mhealladh agus a chumhachtú chun inniúlachtaí a shealbhú agus a fhorbairt don saol agus dá dtodhchaí ghairmiúil, a bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha, daonlathach agus polaitiúil, agus iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach agus rannchuidiú le hAontas cuimsitheach, iomaíoch agus athléimneach a thógáil.	(11) I gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh[7] , leis an gClár Oibre Eorpach don Obair Óige[8] agus le Teachtaireacht 2024 maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022[9] , ba cheart don Chlár tacú le rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga agus eagraíochtaí óige i gcinnteoireacht agus i gceapadh beartas, i bpríomhshruthú na hóige ar fud na réimsí beartais, i mbailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, in obair óige ardcháilíochta agus i bhforbairt inniúlachta oibrithe óige. Leanfaidh an clár de thacaíocht a thabhairt do gach duine óg***, do bhaill foirne ábhartha agus d'eagraíochtaí*** chun páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama agus sa tsoghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla, lena n-áirítear malartuithe ógra agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige, agus é mar chuspóir rannpháirtíocht daoine óga a mhealladh agus a chumhachtú chun inniúlachtaí a shealbhú agus a fhorbairt don saol agus dá dtodhchaí ghairmiúil, a bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha, daonlathach agus polaitiúil, agus iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach agus rannchuidiú le hAontas cuimsitheach, iomaíoch agus

athléimneach a thógáil. ***Méadaíonn eagraíochtaí óige, go háirithe eagraíochtaí faoi stiúir na hóige, an tionchar sin trí rannpháirtíocht fhóinteach na hóige a chothú, trí ghníomhú mar nasc idir daoine óga agus institiúidí, lena n-áirithítear go léirítear a ndearcthaí saineolacha i ndearadh, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht an Chláir.***

---

[7] Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027 (IO C 456, ST/14944/2018/INIT, 18.12.2018).

[8] Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige 2020/C 415/01 a bhunú (IO C 415, 1.12.2020).

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 (COM/2024/1 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/txt/?uri=celex:52024dc0001)

---

[7] Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027 (IO C 456, ST/14944/2018/INIT, 18.12.2018).

[8] Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige 2020/C 415/01 a bhunú (IO C 415, 1.12.2020).

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 (COM/2024/1 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/txt/?uri=celex:52024dc0001)

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) I gcomhréir le Dearbhú Herning maidir le Gairmoideachas agus Gairmoiliúint atá tarraingteach agus cuimsitheach le haghaidh iomaíochas

méadaithe agus poist ardcháilíochta 2026-2030 agus leis an Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 dar teideal 'An Eoraip ag Gluaiseacht - Deiseanna foghlama do chách', ba cheart go rannchuideodh an Clár le feabhas a chur ar tharraingteacht an oideachais ghairme agus na hoiliúna (VET) agus ar phaireacht mheasa leis an oideachas acadúil ginearálta. Go háirithe, ba cheart saintréithe sonracha an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a chur san áireamh sa Chlár chun cuidiú le sprioc soghluaisteachta gairmoideachais agus gairmoiliúna 2030 de 12 % a bhaint amach.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Leis an gclaochlú digiteach, tá athrú tagtha ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar le tionchar síormhéadaitheach ar an saol laethúil agus léiríodh go bhfuil gá le leibhéil níos airde ullmhachta digití agus acmhainneachta san oideachas agus san oiliúint chomh maith leis an ngéarghá atá le forbairt scileanna digiteacha do chách ar fud an Aontais.	(13) Leis an gclaochlú digiteach, tá athrú tagtha ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar le tionchar síormhéadaitheach ar an saol laethúil agus léiríodh go bhfuil gá le leibhéil níos airde ullmhachta digití agus acmhainneachta san oideachas agus san oiliúint chomh maith leis an ngéarghá atá le forbairt scileanna digiteacha do chách ar fud an Aontais. ***Ba cheart don Chlár tacú le forbairt bunscileanna digiteacha don 44 % de dhaonra an Aontais atá ina n-easpa scileanna digiteacha, agus borradh a chur faoi fhorbairt inniúlachtaí digiteacha i dtimpeallachtaí foghlama foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Tá bunscileanna digiteacha ríthábhachtach don infhostaitheacht agus don fhorbairt phearsanta araon, don rannpháirtíocht dhaonlathach agus don chuimsiú sóisialta ar feadh an tsaoil.***

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) Ba cheart don Chlár soghluaisteacht gairmithe a chumhdach go leordhóthanach, lena n-áirítear múinteoirí, oiliúnóirí agus oibrithe don óige, agus ar an gcaoi sin acmhainneacht eagraíochtúil fhadtéarmach a neartú, agus aistriú cleachtas nuálach oideachais ar fud na n-earnálacha a áirithiú. Ba cheart don Chlár rannchuidiú go fóinteach le cur chun feidhme Chlár Oibre an Aontais do Mhúinteoirí agus d'Oiliúnóirí, ní hamháin obair Acadaimh Múinteoirí Erasmus+ a threisiú ach bealaí a chur ar fáil freisin le haghaidh forbairt beartais atá nasctha le feabhas a chur ar earcú agus coinneáil oideoirí, éagsúlú próifílí foirne san oideachas agus san oiliúint agus tarraingteacht ghairm an oideora, agus rannchuidiú le soghluaisteacht foghlama na foirne.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gné idirnáisiúnta an Chláir deiseanna a chur ar fáil maidir le soghluaisteacht foghlama, comhar agus idirphlé beartais le tríú tíortha nach comhpháirtithe sa Chlár iad, ag tógáil ar thaithí na gclár a bhí ann roimhe sin, lena n-áirítear rannchuidiú le hiomaíochas an Aontais, agus cosaint leasanna slándála eacnamaíche an Aontais á háirithiú ag an am céanna. Chun tionchar na	(15) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gné idirnáisiúnta an Chláir deiseanna a chur ar fáil maidir le soghluaisteacht foghlama, comhar agus idirphlé beartais le tríú tíortha nach comhpháirtithe sa Chlár iad, ag tógáil ar thaithí na gclár a bhí ann roimhe sin, lena n-áirítear rannchuidiú le ***comhpháirtíochtaí, rannpháirtíocht saoránachta, dlúthpháirtíocht dhomhanda*** agus iomaíochas an Aontais,

ngníomhaíochtaí sin a mhéadú, tá sé tábhachtach sineirgí idir an Clár agus an Eoraip Dhomhanda a fheabhsú, agus méadú an Aontais, an Straitéis Global Gateway agus na creataí beartais oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt á gcur san áireamh.	agus cosaint leasanna slándála eacnamaíche an Aontais á háirithiú ag an am céanna. Chun tionchar na ngníomhaíochtaí sin a mhéadú, tá sé tábhachtach sineirgí idir an Clár agus an Eoraip Dhomhanda a fheabhsú, agus méadú an Aontais, an Straitéis Global Gateway agus na creataí beartais oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt á gcur san áireamh.
	Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) I réimse an spóirt, trí dheiseanna soghluaisteachta agus fothú acmhainneachta, lena n-áirítear comhar, ba cheart leis an gClár luachanna coiteanna Eorpacha, saorálaíocht, agus forbairt nuálaíochta agus scileanna a chothú sa spórt agus tríd an spórt. Ba cheart leis an gClár dea-rialachas, sábháilteacht agus ionracas sa spórt, agus taidhleoireacht spóirt a chur chun cinn, tacú le heagraíochtaí spóirt an phobail, chomh maith le deis a thabhairt do dhaoine óga ar fud na hEorpa páirt a ghlacadh i dtionscnaimh spóirt trasteorann, lena gcothófar fás pearsanta, malartú cultúrtha, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht an phobail.	(23) I réimse an spóirt, trí dheiseanna soghluaisteachta agus fothú acmhainneachta, lena n-áirítear comhar, ba cheart leis an gClár luachanna coiteanna Eorpacha, saorálaíocht, agus forbairt nuálaíochta agus scileanna a chothú sa spórt agus tríd an spórt. Ba cheart leis an gClár dea-rialachas, sábháilteacht agus ionracas sa spórt, agus taidhleoireacht spóirt a chur chun cinn, tacú le heagraíochtaí spóirt an phobail, chomh maith le deis a thabhairt do dhaoine óga ar fud na hEorpa páirt a ghlacadh i dtionscnaimh spóirt trasteorann, lena gcothófar fás pearsanta, malartú cultúrtha, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht an phobail. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt sa réimse sin ar chuimsiú foghlaimeoirí ar lú na deiseanna atá acu agus foghlaimeoirí faoi mhíchumas fisiciúil agus meabhrach.***
	Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Cuireann an Clár go mór le hAontas na Scileanna agus leis an Limistéar Eorpach Oideachais, lena leagtar síos an bonn chun scileanna agus inniúlachtaí a fhoirmiú ar feadh an tsaoil agus lena soláthraítear fíorspás coiteann d'oideachas ar ardchaighdeán agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil thar theorainneacha. Is é is aidhm d'Aontas na Scileanna dlús a chur leis na hiarrachtaí chun oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a bhaint amach trí bhunscileanna agus ardscileanna a sholáthar, deiseanna a chur ar fáil do dhaoine scileanna nua atá dírithe ar an todhchaí a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus scileanna nua atá dírithe ar an todhchaí a shealbhú, cúrsaíocht scileanna agus earcaíocht arna déanamh ag gnólachtaí ar fud an Aontais a éascú, agus na daoine is mó tallann a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil san Eoraip. I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ba cheart don Chlár tábhacht an oideachais fiontraíochta agus na litearthachta airgeadais a léiriú freisin.	(24) Cuireann an Clár go mór le hAontas na Scileanna agus leis an Limistéar Eorpach Oideachais, lena leagtar síos an bonn chun scileanna agus inniúlachtaí a fhoirmiú ar feadh an tsaoil agus lena soláthraítear fíorspás coiteann d'oideachas ar ardchaighdeán agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil thar theorainneacha. Is é is aidhm d'Aontas na Scileanna dlús a chur leis na hiarrachtaí chun oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a bhaint amach trí bhunscileanna agus ardscileanna a sholáthar, deiseanna a chur ar fáil do dhaoine scileanna nua atá dírithe ar an todhchaí a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus scileanna nua atá dírithe ar an todhchaí a shealbhú, cúrsaíocht scileanna agus earcaíocht arna déanamh ag gnólachtaí ar fud an Aontais a éascú, agus na daoine is mó tallann a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil san Eoraip. ***Tá sé d'aidhm aige freisin scileanna saoil a sholáthar atá riachtanach d'athléimneacht daoine agus dá n-acmhainneacht luachanna an Aontais a chur chun cinn amhail an daonlathas, cearta an duine, an dlúthpháirtíocht, an cuimsiú sóisialta agus an éagsúlacht.*** I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ba cheart don Chlár tábhacht an oideachais fiontraíochta agus na litearthachta airgeadais a léiriú freisin.
	Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Leis an gcomhar, is féidir cleachtais agus fothú acmhainneachta a mhalartú agus, ar an gcaoi sin, torthaí agus	(28) Leis an gcomhar, is féidir cleachtais agus fothú acmhainneachta a mhalartú agus, ar an gcaoi sin, torthaí agus

feidhmíocht níos fearr a bhaint, amach chomh maith le gnóthachain éifeachtúlachta trí acmhainní agus eolas a chomhthiomsú. Dá bhrí sin, ba cheart don Chlár tacú le bearta fothaithe acmhainneachta a chuirfidh feabhas ar chomhar ar leibhéil éagsúla idir institiúidí agus eagraíochtaí atá gníomhach i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na n-óige agus an spóirt. Aithnítear leis sin ról lárnach na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí maidir leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhfuil gá leo a thabhairt do dhaoine óga i ndomhan athraitheach agus maidir le cabhrú le hinstitiúidí agus le heagraíochtaí atá gníomhach sa réimse a n-acmhainneacht i ndáil le nuálaíocht, cruthaitheacht agus fiontraíocht a chomhlíonadh go cuí, go háirithe laistigh den gheilleagar digiteach.	feidhmíocht níos fearr a bhaint, amach chomh maith le gnóthachain éifeachtúlachta trí acmhainní agus eolas a chomhthiomsú. Dá bhrí sin, ba cheart don Chlár tacú le bearta fothaithe acmhainneachta a chuirfidh feabhas ar chomhar ar leibhéil éagsúla idir institiúidí agus eagraíochtaí atá gníomhach i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na n-óige agus an spóirt. Aithnítear leis sin ról lárnach na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí maidir leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhfuil gá leo a thabhairt do dhaoine óga i ndomhan athraitheach agus maidir le cabhrú le hinstitiúidí agus le heagraíochtaí atá gníomhach sa réimse a n-acmhainneacht i ndáil le nuálaíocht, cruthaitheacht agus fiontraíocht a chomhlíonadh go cuí, go háirithe laistigh den gheilleagar digiteach. ***I gcomhréir le cuspóirí Aontas na Scileanna, ba cheart don Chlár rannchuidiú le spásanna foghlama pobail a phíolótú, agus ar an gcaoi sin comhar a chothú idir an raon éagsúil páirtithe leasmhara is gá chun an aidhm maidir le spásanna foghlama pobail a phíolótú a bhaint amach.***
	Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Ba cheart leis an gClár tacú le croí-mhisean oideachais Chomhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha chun tionchar sistéamach a chumasú a bhainfear amach ar bhealach níos éifeachtúla trí ghníomhaíocht fhadtéarmach ar leibhéal an Aontais, go háirithe chun barr feabhais a threisiú, ilroinnt a laghdú agus tarraingteacht agus cuimsitheacht chórais ardoideachais an Aontais a mhéadú, ionstraimí nuálacha a fhorbairt chun	(30) Ba cheart leis an gClár tacú le croí-mhisean oideachais Chomhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha***, ionaid barr feabhais gairme agus acadaimh múinteoirí Erasmus+*** chun tionchar sistéamach a chumasú a bhainfear amach ar bhealach níos éifeachtúla trí ghníomhaíocht fhadtéarmach ar leibhéal an Aontais, go háirithe chun barr feabhais a threisiú, ilroinnt a laghdú agus tarraingteacht agus cuimsitheacht chórais

cáilíocht na foghlama agus an teagaisc a mhéadú, scileanna agus inniúlachtaí atá dírithe ar an todhchaí a fhorbairt (amhail IS, cibearshlándáil, inbhuanaitheacht, ***ETIM***), lena n-áirítear na hearnálacha a sainaithníodh cheana san Aontas Scileanna, trí churaclaim ábhartha a sheasfaidh an aimsir, nuálaíocht oideolaíoch, foghlaim ar feadh an tsaoil, micridhintiúir, tallann a chothú agus a mhealladh agus comhar trasnáisiúnta san oideachas a éascú, lena n-áirítear le gnó agus tionscal.	ardoideachais an Aontais ***agus córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna*** a mhéadú, ionstraimí nuálacha a fhorbairt chun cáilíocht na foghlama agus an teagaisc a mhéadú, scileanna agus inniúlachtaí atá dírithe ar an todhchaí a fhorbairt (amhail IS, cibearshlándáil, inbhuanaitheacht, ***ETIEM***), lena n-áirítear na hearnálacha a sainaithníodh cheana san Aontas Scileanna, trí churaclaim ábhartha a sheasfaidh an aimsir, nuálaíocht oideolaíoch, foghlaim ar feadh an tsaoil, micridhintiúir ***agus cuntais foghlama aonair*** chun tallann a chothú agus a mhealladh agus comhar trasnáisiúnta san oideachas a éascú, lena n-áirítear le gnó agus tionscal.
	Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunaítear leis an Rialachán seo Erasmus+, clár gníomhaíochta an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna agus freisin i réimsí na hóige agus an spóirt (‘an Clár’) agus leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, a bhuiséad don tréimhse 2028–2034, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar. Bunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil leis an Rialachán seo freisin.	Bunaítear leis an Rialachán seo Erasmus+, clár gníomhaíochta an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna agus freisin i réimsí na hóige agus an spóirt (‘an Clár’) agus leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, a bhuiséad don tréimhse 2028–2034, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar. Bunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil ***mar chuid den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach*** leis an Rialachán seo freisin.
	Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) Ciallaíonn 'an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach' tionscnamh an Aontais lena gcuirtear deiseanna ar fáil do dhaoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, saorálaíochta agus rannpháirtíochta pobail, san Aontas agus níos faide i gcéin, a thugann aghaidh ar dhúshláin shochaíocha, chomhshaoil nó dhaonnúla. Beidh na gníomhaíochtaí sin neamhbhrabúsach, deonach, lena n-áireofar gné láidir foghlama agus shibhialta, agus lena rannchuideofar leis an dlúthpháirtíocht, an comhtháthú sóisialta agus luachanna Eorpacha a neartú;
	Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) ciallaíonn 'daoine ar lú na deiseanna atá acu' daoine, ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, geografacha nó sláinte nó mar gheall ar a gcúlra imirceach, nó ar chúiseanna amhail míchumas nó deacrachtaí oideachais nó ar aon chúis eile, lena n-áirítear cúis a d'fhéadfadh a bheith ina hidirdhealú faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a mbíonn bacainní rompu a chuireann cosc orthu rochtain éifeachtach a bheith acu ar dheiseanna faoin gClár;	(12) ciallaíonn 'daoine ar lú na deiseanna atá acu' daoine ***a bhfuil bacainní struchtúracha nó staide rompu***, ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, geografacha nó sláinte nó mar gheall ar a gcúlra imirceach ***nó dídeanaí***, nó ar chúiseanna amhail míchumas nó deacrachtaí oideachais***, cónaí tuaithe nó iargúlta, easpa dídine nó tithíocht fhorbhásach, míbhuntáiste oideachais, fostaíocht, idirdhealú eitneach nó cinioch, féiniúlacht inscne***, nó ar aon chúis eile, lena n-áirítear cúis a d'fhéadfadh a bheith ina hidirdhealú faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a bhfuil bacainní rompu a chuireann cosc orthu rochtain éifeachtach a bheith acu ar dheiseanna faoin gClár;
	Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) ciallaíonn ‘saorálaíocht’ gníomhaíocht neamhíoctha lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha nó dhaonnúla agus a bhfuil gné láidir foghlama ag baint léi;	(17) ciallaíonn ‘saorálaíocht’ gníomhaíocht neamhíoctha lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha nó dhaonnúla***, a rannchuidíonn leis an dlúthpháirtíocht agus le pobail agus rannpháirtíocht shibhialta a neartú*** agus a bhfuil gné láidir foghlama ag baint léi;

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is é cuspóir ginearálta an Chláir rannchuidiú le hEoraip athléimneach, iomaíoch agus chomhtháite trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil ***ar ardchaighdeán*** a chur chun cinn, scileanna agus inniúlachtaí don saol ***agus do phoist*** do chách a fheabhsú, agus luachanna an Aontais, rannpháirtíocht dhaonlathach agus shochaíoch, dlúthpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus comhdheiseanna a chothú san Aontas agus níos faide i gcéin. Beidh an Clár ina phríomhionstraim chun Aontas na Scileanna a thógáil, chun an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a thacóidh le cur chun feidhme an chomhair straitéisigh Eorpaigh i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear a chláir oibre earnála bhunúsacha.	Is é cuspóir ginearálta an Chláir rannchuidiú le hEoraip athléimneach, iomaíoch agus chomhtháite trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil ***atá cothrom agus cuimsitheach*** a chur chun cinn ***do gach aois***, scileanna agus inniúlachtaí don saol***, don obair agus don tsaoránacht ghníomhach*** a fheabhsú do chách, agus luachanna an Aontais, rannpháirtíocht dhaonlathach agus shochaíoch, dlúthpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus comhdheiseanna a chothú san Aontas agus níos faide i gcéin. ***Agus béim láidir á leagan ar shoghluaisteacht foghlama,*** beidh an Clár ina phríomhionstraim ***freisin*** chun Aontas na Scileanna a thógáil, chun an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a thacóidh le cur chun feidhme an chomhair straitéisigh Eorpaigh i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear a chláir oibre earnála bhunúsacha. ***Áiritheofar leis an gClár deiseanna cothroma ar fud na n-aoisghrúpaí agus***

na suíomhanna foghlama uile, lena gcuirfear ar chumas foghlaimeoirí luath-óige, foghlaimeoirí óga, foghlaimeoirí fásta agus foghlaimeoirí scothaosta páirt a ghlacadh in oideachas agus oiliúint fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus lena dtacófar leis na heagraíochtaí a fhreastalaíonn orthu. Rannchuideoidh an Clár le foghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a chur chun cinn, ag cumhachtú bealaí éagsúla le haghaidh forbairt inniúlachta agus ag giaráil na ndeiseanna foghlama atá ann cheana ar fud an Aontais.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áiritheofar leis an gClár, a mhéid is féidir, comhar leis an tsochaí shibhialta maidir lena dhearadh agus lena chur chun feidhme araon. Chun luachanna an Aontais a chothú, cothromas agus cuimsiú a chur chun cinn, agus Eoraip níos iomaíche a áirithiú, tá gá le tacaíocht láidir do gach eagraíocht a éascaíonn na gníomhaíochtaí san oideachas, san oiliúint, san óige agus sa spórt, lena n-áirithítear gur féidir tacaíocht a chur ar fáil do gach Eorpach leis an gcumas eagraíochtúil ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as an gClár.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tacú le feabhas a chur ar an oideachas, ar scileanna agus ar inniúlachtaí agus aird ar leith á tabhairt ar a n-ábharthacht ***do mhargadh an tsaothair agus d'fhorbairt ghairmiúil agus d'fhás pearsanta*** an duine aonair agus don mhéid a chuireann siad le sochaí iomaíoch, inbhuanaithe agus chomhtháite;	(a) tacú le feabhas a chur ar an oideachas, ar scileanna agus ar inniúlachtaí agus aird ar leith á tabhairt ar a n-ábharthacht ***d'fhorbairt iomlánaíoch gach duine aonair, lena n-áirithítear forbairt ghairmiúil*** agus ***fás*** pearsanta an duine aonair agus don mhéid a chuireann siad le sochaí iomaíoch, inbhuanaithe agus chomhtháite;

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) soghluaisteacht foghlama a chur chun cinn mar phríomhionstraim le haghaidh forbairt phearsanta agus ghairmiúil, lena n-áiritheofar rochtain leathan intuartha ar dheiseanna soghluaisteachta do gach foghlaimeoir;

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) dul i dteagmháil le daoine óga agus iad a chumhachtú chun inniúlachtaí gairmiúla agus pearsanta a shealbhú agus a fhorbairt, chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus sa daonlathas agus chun iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach;	(d) dul i dteagmháil le daoine óga agus iad a chumhachtú chun inniúlachtaí gairmiúla agus pearsanta a fháil agus a fhorbairt ***trí fhoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil***, chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus sa daonlathas agus iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach***, agus cur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais, an Chláir Oibre Eorpaigh don Obair Óige agus tionscnaimh eile de***

chuid an Aontais i réimse na hóige á n-éascú agus tacú leo ag an am céanna;

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) deiseanna atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus daonnúla a spreagann athruithe dearfacha sochaíocha san Aontas agus níos faide i gcéin (tríd an gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a chur ar bun), agus a n-inniúlachtaí á bhfeabhsú agus á mbailíochtú go cuí ag an am céanna, chomh maith lena rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh ghníomhacha a éascú;	(f) deiseanna atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta***, saorálaíochta*** agus daonnúla a spreagann athruithe dearfacha sochaíocha san Aontas agus níos faide i gcéin (tríd an gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a chur ar bun), agus a n-inniúlachtaí á bhfeabhsú agus á mbailíochtú go cuí ag an am céanna***, lena n-áirítear scileanna boga agus inniúlachtaí boga,*** chomh maith lena rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh ghníomhacha a éascú;

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ga) borradh a chur faoi bhailíochtú agus aitheantas cáilíochtaí agus réamhfhoghlaim ar fud na dtimpeallachtaí foghlama uile, bídís foirmiúil, seachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil, agus ag an am céanna rannchuidiú le haitheantas uathoibríoch cáilíochtaí agus tréimhsí foghlama thar lear.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) Soghluaisteacht foghlama foghlaimeoirí fásta agus ball foirne san fhoghlaim aosach.	(d) Soghluaisteacht foghlama foghlaimeoirí fásta agus ball foirne ***i suíomhanna foghlama aosaí foirmiúla agus seachfhoirmiúla***.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***Obair dheonach*** ‘an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh’, lena n-áirítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil.	(b) ***Gníomhaíochtaí*** ‘an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh’, ***roinnte in dhá shnáithe***: ***(i) rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta,*** lena n-áirítear ***gníomhaíochtaí saorálaíochta, gníomhaíochtaí líonraithe tionscadal dlúthpháirtíochta, bearta cáilíochta agus tacaíochta;*** ***(ii) rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil (***‘an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil’***)***.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 2 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ní féidir an tsaorálaíocht a chur in ionad cúrsaí oiliúna ná post, ná ní hionann í

agus fostaíocht. Beidh sí bunaithe ar chomhaontú saorálaíochta i scríbhinn.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Déanfar faireachán ar an tsoghluaisteacht foghlama faoin Airteagal seo agus cuirfear chun feidhme í mar a leanas i gcomhréir leis na spriocanna a comhaontaíodh sa Mholadh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 dar teideal 'An Eoraip ag Gluaiseacht — deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách':* ***(a) Ba cheart soghluaisteacht foghlama a bheith ag 23 % de chéimithe ardoideachais faoi 2030; ***(b) Ba cheart soghluaisteacht a bheith ag 12 % d'fhoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna faoi 2030;*** ***(c) ba cheart 20 % ar a laghad de na rannpháirtithe soghluaisteachta uile a bheith ina ndaoine aonair ar lú na deiseanna atá acu faoi 2027.***

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tacóidh an Coimisiún le rochtain ar an gClár ó aois óg agus neamhspleách ar chúlra socheacnamaíoch. Chun é sin a bhaint amach, áiritheoidh sé go soláthrófar bearta chun rannpháirtíocht daoine ar lú na	3. Tacóidh an Coimisiún le rochtain ar an gClár ó aois óg agus neamhspleách ar chúlra socheacnamaíoch. Chun é sin a bhaint amach, áiritheoidh sé go soláthrófar bearta chun rannpháirtíocht daoine ar lú na

deiseanna atá acu a éascú***, lena n-áirítear*** sásraí tacaíochta airgeadais***, i gcás inarb ábhartha***.	deiseanna atá acu a éascú. ***Áireofar ar na bearta sin tacaíocht*** airgeadais ***agus*** sásraí ***réamh-mhaoinithe, chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú, go háirithe, ar daoine iad a gcuirtear bac ar a rannpháirtíocht ar chúiseanna airgeadais.***
	Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Is é EUR ***40 827 000 000*** i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach airgeadais táscach maidir le cur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2028–2034.	1. Is é EUR ***60 000 000 000*** i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach airgeadais táscach maidir le cur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2028–2034 ***agus cuirfear chun feidhme é ar bhealach a chaomhnóidh a fhíorluach le linn thréimhse an Chláir***.
	Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Maidir leis an méid a leagtar amach i mír 1, seo a leanas a dháileadh táscach:
	(a) EUR XXX, arb ionann é agus 83 % den mhéid a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, do ghníomhaíochtaí i réimse an oideachais agus na hoiliúna;
	(b) EUR XXX, arb ionann é agus 15 % den mhéid a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, do ghníomhaíochtaí i réimse na hóige.
	Or. en